gcuid scoileanna leis na deiseanna céanna a chur ar fáil do gach dalta a bheith rannpháirteach sa churaclam agus i saol na scoile. Caitear go cothrom le gach duine de phobal na scoile i ngach gné de shaol na scoile gan beann ar chine, inscne, reiligiún/creideamh, aois, stádas teaghlaigh, stádas sibhialta, ar duine den Lucht Siúil iad, claonadh gnéis, cumas nó stádas socheacnamaíoch.

Cuirtear timpeallacht shlán fhisiciúil agus shóisialta ar fáil inár gcuid scoileanna a chothaíonn ceangal láidir i measc phobal na scoile agus an pobal i gcoitinne. Féachann gach scoil cur ar chumas gach dalta barr a gcumais a bhaint amach gan beann ar fhéiniúlacht nó cúlra. Cuirtear oideachas lán-ionchuimsithe chun cinn inár gcuid scoileanna ina n-aithnítear an iliomad féiniúlachtaí, creideamh agus luachanna daltaí, tuismitheoirí agus bhaill den fhoireann. Ullmhaímid saoránaigh atá leathanaigeanta, a bhfuil tuiscint acu ar chultúir, atá freagrach agus a bhfuil meas acu ar chomhluachanna.

Caitear mar a chéile le daltaí de gach reiligiún agus creideamh i scoileanna BOO. Ní thugtar buntáiste d'aon ghrúpa ar leith seachas grúpa eile i dtimpeallacht ná i ngníomhaíochtaí scoile agus tugtar aitheantas ag an am céanna do dhaltaí de gach reiligiún agus creideamh agus éascaítear iad.

Dá réir sin, ní dhéanfaidh Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin aon leithcheal maidir le Dalta a ligean isteach bunaithe ar na forais a leanas:

2.1. Inscne an Dalta nó an Iarratasóra.

2.2. Stádas sibhialta an Dalta nó Iarratasóra.

2.3. Stádas teaghlaigh an Dalta nó Iarratasóra.

2.4. Claonadh gnéis an Dalta nó Iarratasóra.

2.5. Reiligiún an Dalta nó Iarratasóra.

2.6. Míchumas an Dalta nó Iarratasóra.

2.7. Cine an Dalta nó Iarratasóra.

2.8. Gur duine den Lucht Siúil an Dalta nó an tIarratasóir.

3. Athdhéanfar an próiseas thuasluaite arís is arís tríd na gcatagóirí ina dhiaidh sin go dtí go dtagtar ar chatagóirí ina bhfuil líon na n-áiteanna ar fáil níos lú ná líon na n-iarratasóirí laistigh den chatagóir sin.

4. Sa chás go bhfuil líon na n-áiteanna fós ar fáil níos lú ná móriomlán na n-iarratasóirí laistigh de chatagóir, ofrálfar na háiteanna atá fagtha trí chrannchur a dhéanamh le gach iarratasóir bainteach sa chatagóir sin.

5. Nuair a leithdháiltear gach áit atá le fáil, cuirfear na hiarratasóirí atá fágtha sa chatagóir sin ar an liosta feithimh i rang-ord atá bunaithe ar an gcrannchur.

6. Athdhéanfar an próiseas chun iarratasóirí a chur ar an liosta feithimh i rang-ord i ngach catagóir ina dhiaidh sin, go dtí go leithdháiltear áit ar an liosta feithimh do gach iarratasóir mírathúil.

7. Déanfar taifead don liosta feithimh ar pháipéar ceannteidil na scoile agus síneoidh Cathaoirleach an Bhord Bhainistíochta an taifead seo i láthair an Bhord agus an breathnóir neamhspleách.

### 5.1.4 <u>Iarratais dhéanacha</u>

Meastar gur iarratas déanach é iarratas a fhaigheann Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin i ndiaidh an dáta deiridh a d'fhoilsigh an scoil agus a bhí leagtha amach san Fhógra Iontrála, chun críocha an Pholasaí Iontrála seo.

Sa chás go mbíonn ró-iarratas ar Ghaelcholáiste Charraig Uí Leighin agus go bhfaigheann sí iarratas déanach ar iontráil, gheobhaidh an t-iarratas sin áit ar an liosta feithimh i ndiaidh na nIarratasóirí a bhfuair an scoil a n-iarratais roimh an dáta deiridh d'iarratais. Cuirfear iarratais dhéanacha dá leithéid sin ar an liosta feithimh de réir an dáta agus an ama a fuair an scoil iad faoi réir ailt 4.7.

